CINNEADH (AE) 2022/2285 ÓN mBANC CEANNAIS EORPACH

an 8 Samhain 2022

lena leasaítear Cinneadh (AE) 2021/2255 maidir le líon eisiúintí bonn atá le formheas in 2022 (BCE/2021/54) (BCE/2022/41)

Tá Bord Feidhmiúcháin an Bhainc Ceannais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 128(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (AE) 2015/2332 ón mBanc Ceannais Eorpach an 4 Nollaig 2015 maidir leis an gcreat nós imeachta d'fhormheas líon eisiúintí bonn euro (BCE/2015/43) ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(7) de,

De bhrí an mhéid seo a leanas:

(1) Tá an ceart eisiach ag an mBanc Ceannais Eorpach (BCE) ón 1 Eanáir 1999 líon na mbonn a eisíonn na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu a fhormheas.

(2) Bunaithe ar na meastacháin ar an éileamh ar bhoinn euro in 2021 a chuir na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu faoi bhráid BCE, d'fhormheas BCE an líon iomlán bonn euro atá ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht agus monaí euro inbhailithe nach bhfuil ceaptha lena gcur i gcúrsaíocht in 2022 i gCinneadh (AE) 2021/2255 ón mBanc Ceannais Eorpach (BCE/2021/54) ([2]).

(3) De bhun Airteagail 3 de Chinneadh (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43) ní mór do na Ballstáit a bhfuil an euro mar airgeadra acu fógra a thabhairt do BCE más dócha go sáróidh an t-éileamh iarbhír ar mhonaí euro an líon formheasta d'eisiúint bonn i mbliain féilire amháin agus, i gcás ina leantar de na héilimh mhéadaithe ar mhonaí, ní mór dóibh formheas ad hoc a iarraidh le haghaidh líon breise d'eisiúint bonn sa bhliain féilire sin.

(4) An 13 Meán Fómhair 2022, fuair BCE iarraidh ó Banco de España thar ceann na Spáinne chun líon na monaí euro a fhéadfaidh an Spáinn a eisiúint in 2022 a mhéadú de mhéid breise EUR 151,7 milliún, ó EUR 189,8 milliún go EUR 341,5 milliún, mar fhreagairt ar mhéadú suntasach ar ghlaneisiúint bonn euro sa Spáinn, mar a tugadh faoi deara ó mhí Lúnasa 2021. Tháinig méadú ar an méadú le holleisiúint i bhfad níos airde (go háirithe boinn EUR 1]) in éineacht le leibhéil ísle taiscí bonn euro le Banco de España. Ag an am céanna, eiseofar bonn bailitheora ar a bhfuil aghaidhluach EUR 40 in 2022 in ionad an bhoinn bailitheora a bhí beartaithe ar dtús ar fiú EUR 30 é mar gheall ar an ardú ar phraghas airgid. Mar thoradh air sin, ní mór líon na mbonn inbhailithe euro a mhéadú ó EUR 30 go EUR 40 milliún.

(5) An 30 Meán Fómhair 2022, fuair BCE iarraidh ó Nationale Bank van België/Banque Nationale de Belgique thar ceann na Beilge chun líon na monaí euro a fhéadfaidh an Bheilg a eisiúint in 2022 a mhéadú de mhéid breise EUR 5 mhilliún, ó EUR 33 mhilliún go EUR 38 milliún. Is é an chúis atá leis an méadú sin ná na hathruithe ar an timthriall airgid thirim náisiúnta as a dtiocfaidh eisiúint níos airde de ghlanbhoinn euro. Is é ba chúis leis an méadú sin líon an-íseal bonn euro a bheith tugtha ar ais do Nationale Bank van België/Banque Nationale de Belgique agus an laghdú ar an éileamh ar airgead tirim atá beartaithe ag údaráis na Beilge.

(6) An 14 Deireadh Fómhair 2022, fuair BCE iarraidh ó Banca d'Italia thar ceann na hIodáile líon na mbonn euro a fhéadfaidh an Iodáil a eisiúint in 2022 a mhéadú de mhéid breise EUR 45 mhilliún, ó EUR 169 milliún go EUR 214 mhilliún, mar fhreagairt ar éileamh níos airde monaí euro arna spreagadh ag téarnamh suntasach gníomhaíochtaí eacnamaíocha, méadú suntasach ar thurasóireacht agus leibhéal boilscithe níos airde.

(7) De bhun Airteagal 3(7) de Chinneadh (AE) 2015/2332 (BCE/2015/43) ní mór don Bhord Feidhmiúcháin cinneadh aonair a ghlacadh maidir leis an iarraidh ar fhormheas ad hoc, nuair nach gá aon mhodhnú ar an iarraidh ad hoc.

([1]) IO L 328, 12.12.2015, lch. 123.

([2]) Cinneadh (AE) 2021/2255 ón mBanc Ceannais Eorpach an 7 Nollaig 2021 maidir le líon eisiúintí bonn atá le formheas in 2022 (BCE/2021/54) (IO L 454, 17.12.2021, lch. 19).

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2021/2255 (BCE/2021/54) a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasú

Leasaítear Cinneadh (AE) 2021/2255 (BCE/2021/54) mar a leanas:

1. cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir leis an mBeilg:

"An Bheilg	37,00	1,00	38,00",

2. cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir leis an Spáinn:

"An Spáinn	301,50	40,00	341,50",

3. cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró maidir leis an Iodáil:

"An Iodáil	211,26	2,74	214,00."

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar lá a thabharfar fógra do na BCNanna.

Airteagal 3

Seolaithe

Tá an Cinneadh seo dírithe ar BCNanna na mBallstát arb é an euro an t-airgeadra atá acu.

Arna dhéanamh in Frankfurt am Main, 8 Samhain 2022.

Uachtarán BCE
Christine LAGARDE